AN COMHRAC I GCOINNE NA BOCHTAINEACHTA, AN EISIAIMH SHÓISIALTA AGUS AN IDIRDHEALAITHE

Trí thacú leis na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe, tá sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach treisiú le cuimsitheacht agus comhtháthú shochaí na hEorpa agus cur ar chumas gach saoránaigh tairbhe a bhaint as rochtain chomhionann ar dheiseanna agus ar acmhainní.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 19, Airteagal 145 go hAirteagal 150 agus Airteagal 151 go hAirteagal 161 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Is ceann de spriocanna sonracha an Aontais agus a Bhallstáit i réimse an bheartais shóisialta é an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac. I gcomhréir le hAirteagal 153 de CFAE, ní bhainfear cuimsiú sóisialta amach ach amháin ar bhonn comhar neamhreachtach — an modh oscailte comhordúcháin (MOC) — agus, san am céanna, ceadaítear do na Ballstáit, faoi Airteagal 19 de CFAE, gníomhaíocht a dhéanamh chun an t-idirdhealú a chomhrac trí chosaint dhlíthiúil a thabhairt d'íospartaigh ionchasacha agus trí bhearta dreasachta a chur ar bun.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. An comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta

Idir 1975 agus 1994, thug Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa faoi roinnt treoirthionscadal agus clár píolótach a ceapadh chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a chomhrac. Mar sin féin, in éagmais bunús dlí, cuireadh i gcoinne ghníomhaíocht an Chomhphobail sa réimse sin go seasta.

Tháinig athrú ar an scéal in 1999 le teacht i bhfeidhm Chonradh Amstardam, inar cumhdaíodh díothú an eisiaimh shóisialta mar cheann de chuspóirí bheartas sóisialta an Chomhphobail. Mar a fhoráiltear in Airteagal 60 de CFAE, bunaíodh an Coiste um Chosaint Shóisialta sa bhliain 2000 chun comhar idir na Ballstáit agus comhar leis an gCoimisiún a chur chun cinn.

Le Straitéis Liospóin a seoladh sa bhliain 2000, cruthaíodh sásra um fhaireachán agus um chomhar, arb é a bhí i gceist leis ná cuspóirí a leagan síos, an bhochtaineacht a thomhas bunaithe ar thacar táscairí agus tagarmharcanna, treoirlínte do na Ballstáit,

agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne na bochtaineachta. Rinneadh an modh oscailte comhordúcháin (MOC) — próiseas deonach um chomhar polaitiúil bunaithe ar chomhaontú ar chuspóirí coiteanna agus ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a thomhas trí úsáid a bhaint as táscairí coiteanna – a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcleachtas i réimsí eile an bheartais shóisialta.

In 2006, bunaíodh creat nua beartais – an Modh Oscailte Comhordúcháin maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta (MOC sóisialta) – lena ndearnadh athghrúpáil agus comhtháthú ar thrí MOC ar leith maidir le cuimsiú sóisialta, sláinte agus cúram fadtéarmach, agus pinsin. Is iad seo a leanas na cuspóirí uileghabhálacha a bhí leis an MOC sóisialta: comhtháthú sóisialta, comhionannas idir fir agus mná agus comhdheiseanna do chách trí chórais éifeachtúla cosanta sóisialta; idirghníomhaíocht éifeachtach agus fhrithpháirteach idir cuspóirí Liospóin, mar atá fás, poist agus comhtháthú sóisialta; dea-rialachas; agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí.

Ina mholadh ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, rinne an Coimisiún nuashonrú ar Mholadh 92/441/CEE ón gComhairle agus dúirt sé gur ‘cheart do na Ballstáit straitéis chuimsitheach chomhtháite a cheapadh agus a chur chun feidhme maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, lena gcuirfí le chéile tacaíocht leormhaith ioncaim, margaí saothair cuimsitheachta agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta’.

Ceann de na nuálaíochtaí is mó a tháinig ar an bhfód le straitéis Eoraip 2020 don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, a glacadh sa bhliain 2010, ab ea an sprioc chomhchoiteann nua sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, is é sin: laghdú 25 % a dhéanamh ar líon na nEorpach atá ag maireachtáil faoi bhun thairseach náisiúnta na bochtaineachta agus corradh le 20 milliún duine a tharraingt as an mbochtaineacht. Tháinig ardú ar líon na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta idir 2009 agus 2012, ach tháinig laghdú air ina dhiaidh sin. Léiríonn figiúr 2018 gur tháinig laghdú 8.2 milliún ar an líon sin i gcomparáid le bonnlíne 2008 (Eurostat).

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, sheol an Coimisiún i mí na Nollag 2010 an t-ardán Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, maille le liosta de phríomhthionscnaimh, amhail measúnú ar straitéisí maidir le cuimsiú gníomhach ar an leibhéal náisiúnta agus an Páipéar Bán ar Phinsin (COM(2012)0055). Ó 2011 i leith, tagann lucht ceaptha beartas, geallsealbhóirí agus daoine a bhí thíos leis an mbochtaineacht le chéile ag Comhdháil Bhliantúil an ardáin.

Agus méadú ag teacht ar líon na ndaoine san Eoraip atá i mbaol bochtaineachta de dheasca na géarchéime, ghlac an Coimisiún dhá thionscnamh eile in 2013.

Ina theachtaireacht ó mhí Feabhra 2013 dar teideal ‘I dtreo Infheistíocht Shóisialta le haghaidh Fáis agus Comhtháthaithe — Pacáiste Infheistíochta Sóisialta’, d’áitigh an Coimisiún ar na Ballstáit tús áite a thabhairt don infheistíocht shóisialta i ndaoine d’fhonn infheistíocht a dhéanamh i leanaí chun deireadh a chur le timthriall an mhíbhuntáiste.

Sa bhreis air sin, mar fhreagra ar iarrataí ón gComhairle Eorpach, thíolaic an Coimisiún, i mí Dheireadh Fómhair 2013, togra chun an ghné shóisialta de rialachas an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a neartú. Is croíchuid é an scórchlár sóisialta,

arb é atá ann uirlis anailíseach chun forbairtí ar fud an Aontais, ar gá faireachán níos dlúithe a dhéanamh orthu, a bhrath. Tá cúig cinn de phríomhtháscairí ann: dífhostaíocht; dífhostaíocht i measc na hóige agus sciar na ndaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) ioncam indiúscartha teaghlaigh; ráta riosca na bochtaineachta; éagothroime ioncaim. Ó Sheimeastar Eorpach na bliana 2014 i leith, cuirtear an scórchlár san áireamh sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, atá ina cuid den Suirbhé Bliantúil Fáis, ina leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha beartais. Thairis sin, sa bhliain 2015 rinneadh trí thráscaire fostaíochta (an ráta gníomhaíochta, an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí agus an ráta dífhostaíochta i measc na hóige) a chur leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, ar cuid den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha í, cé nach spreagann siad bearta breise mar nach dóigh leis an gCoimisiún go rachaidh na rioscaí maicreacnamaíocha in olcas dá mbarr. Tá an Pharlaimint tar éis éileamh a dhéanamh i roinnt rún go gcuirfí táscairí breise san áireamh, amhail leibhéil na bochtaineachta leanaí agus easpa dídine (féach rún an 11 Márta 2015 agus rún an 25 Samhain 2014).

I mí Aibreáin 2017, sheol an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun tacú le cóineasú i dtreo dálaí maireachtála agus oibre níos fearr i margaí saothair atá níos solúbtha ná riamh. I mí na Samhna 2017, chuir gach ceann de thrí phríomhinstitiúid an Aontais a dtiomantas in iúl don Cholún i bhforógra comhpháirteach. Déantar an chosaint shóisialta agus an cuimsiú sóisialta a bhunú sa Cholún mar cheann amháin de na trí phríomhréimse (2.3.1 Beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta).

Baineadh úsáid as Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun sraith tionscnamh reachtach agus beartais a sheoladh, amhail Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, agus an Pacáiste Cothromaíochta Sóisialta, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair agus an Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

B. Reachtaíocht maidir leis an bhfrith-idirdhealú

Is féidir an bhliain 1997 a mheas mar bhliain chinniúnach, óir tugadh isteach airteagal nua — Airteagal 13 (Airteagal 19 de CFAE anois) — sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (CCE), lenar tugadh de chumhacht don Chomhairle gníomhaíocht a dhéanamh chun dul i ngleic leis an idirdhealú ar go leor forais nua, lena n-áirítear bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh. Sa bhliain 2003, rinneadh modhnú ar an airteagal sin le Conradh Nice chun go bhféadfaí bearta dreasachta a ghlacadh.

Glacadh roinnt treoracha ina dhiaidh sin:

— an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE);

— an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta (2000/78/CE);

— an Treoir maidir le Cóir Chomhionann (2006/54/CE), lena ndearnadh roinnt treoracha a bhí ann roimhe sin agus a tiomnaíodh do chomhdheiseanna d'fhir agus do mhná a chumasc le chéile.

In anailís chomparáideach a rinneadh in 2013 ar an dlí neamh-idirdhealaitheach san Eoraip, cuirtear i bhfios go bhfuil feabhas ollmhór tagtha ar an gcosaint dhlíthiúil ar idirdhealú ar fud na hEorpa a bhuí leis na treoracha sin, in ainneoin go bhfuil bearnaí beaga trasuímh i roinnt bheag Ballstát.

Ní rabhthas in ann comhthoil a bhaint amach sa Chomhairle maidir le dhá thogra eile ón gCoimisiún le haghaidh treoracha: an treoir maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí (2012) agus an treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne idir daoine lasmuigh de réimse na fostaíochta a chur chun feidhme (an treoir chothrománach maidir leis an bhfrith-idirdhealú), a moladh in 2008. I mí Iúil 2015, rinneadh treoir leis an tsaoire mháithreachais (2008, lena leasófaí treoir ó 1992), ar thacaigh an Pharlaimint léi, a tharraingt siar i ndiaidh dúsháinn a bheith sa Chomhairle ar feadh na mblianta. Ina ionad sin, i mí an Mheithimh 2019, glacadh Treoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí mar cheann de spriocanna insoláthartha Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (2.3.1 Beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta). Nochtar dearcadh níos leithne sa treoir i leith chomhroinnt na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir.

C. Maoiniú ó AE

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) an phríomhionstraim chistiúcháin agus déantar cistiú de chuid an Aontais a chur ar fáil leis chun cómhaoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí arb é is aidhm leo an t-idirdhealú a chomhrac agus cuidiú leis na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair (2.3.2 Ciste Sóisialta na hEorpa).

Déanann an Coimisiún Eorpach bainistiú díreach ar an gClár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI). Tacaíonn an clár, i measc nithe eile, le nuachóiriú na mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta. Cuireann sé maoiniú ar fáil ar leibhéal AE agus é mar aidhm leis cosaint shóisialta atá leormhaith agus cuibhiúil a chinntiú, fostaíocht ardleibhéil agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus an t-idirdhealú, an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac. Cuireann ceann de thrí ais an chláir, an ais maidir le Dul Chun Cinn, tacaíocht airgeadais ar fáil chun tástáil a dhéanamh ar thionscnaimh a bhaineann le beartas mhargadh an tsaothair, agus d'eagraíochtaí chun cabhrú leo cur lena gcumas maidir le hionstraimí agus beartais de chuid AE a fhorbairt agus tacú lena gcur chun feidhme.

I mí an Mhárta 2014, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD). Tugtar tacaíocht leis an gciste do ghníomhaíochtaí na mBallstát maidir le cúnamh ábhartha a thabhairt, in éineacht le bearta cuimsithe shóisialta, do na daoine is díothaí.

I mí na Bealtaine 2018, d'eisigh an Coimisiún a thogra le haghaidh CSE+ (2021-2027), agus EUR 101.2 billiún de mhaoiniú ag dul leis. Le CSE+ déanfar CSE, FEAD, EaSI, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO) agus an clár Sláinte a chumasc.

D. Straitéisí an Aontais do ghrúpaí sonracha

I mí na Samhna 2010, ghlac an Coimisiún Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 (COM(2010)0636), a chuireann le Plean Gníomhaíochta um Míchumas 2004-2010

agus as ar tháinig tionscadal píolótach do Chárta Míchumais Eorpach agus bearta reachtacha amhail an Ionstraim um Inrochtaineacht Gréasáin (Treoir (AE) 2016/2102) agus an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (Treoir (AE) 2019/882). Maidir leis an gcomhionannas inscne, sainítear príomhthosaíochtaí i gclár nua – Rannpháirtíocht Straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019 – a thagann sna sála ar an Straitéis don Chomhionannas idir Fir agus Mná 2010-2015 ón gCoimisiún. Agus lear mór daoine óga gan phost, mhol an Coimisiún Pacáiste Fostaíochta don Aos Óg in 2012 agus an Ráthaíocht don Aos Óg in 2013. Sa bhreis air sin, i mí Feabhra 2016 ghlac an Chomhairle moladh maidir le comhtháthú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, mar a mhol an Coimisiún. Thairis sin, i mí na Nollag 2016 sheol an Coimisiún an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine óga (2.3.3 Beartas fostaíochta).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le Conradh Liospóin (Airteagal 19(1) de CFAE), tugadh cumhacht an toilithe don Pharlaimint i dtaca le reachtaíocht maidir leis an neamh-idirdhealú a ghlacadh. Bhí an Pharlaimint gníomhach sa díospóireacht ar dá barr a cuireadh an t-airteagal sin san áireamh, agus is minic a d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí na treoracha ábhartha a chur chun feidhme ina n-iomláine agus go tráthúil. Sa rún uaithi an 7 Feabhra 2018 maidir le cosaint agus neamh-idirdhealú i ndáil le mionlaigh i mBallstáit AE, chuir an Pharlaimint in iúl gurbh oth léi an easpa dul chun cinn a bhí déanta i dtaca leis an treoir chothrománach maidir leis an bhfrith-idirdhealú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht. Chuir an Pharlaimint an méid sin in iúl arís ina rúin i mí an Mhárta 2018 agus i mí Eanáir agus mí Feabhra 2019, agus bhí díospóireacht aici faoin ábhar sa seisiún iomlánach i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá béim curtha ag an bParlaimint ar an ngá atá le héagothromaíochtaí a chomhrac ar mhaithe le borradh a chur faoin bhfás agus cruthú fostaíochta, agus tá iarrtha aici go ndéanfaí an comhionannas inscne a phríomhshruthú i mbuiséid agus i gceapadh beartas, agus go ndéanfaí measúnuithe tionchair inscne tráth a bhunófar aon bheartas nua. Cuireadh in iúl i rúin freisin gur ábhair imní iad gné na hinscne den bhochtaineacht agus an bhearna phinsin idir na hinscní (e.g. rún an 14 Meitheamh 2017 agus rún an 16 Samhain 2017). Sa rún uaithi an 17 Aibreán 2018 dírítear ar mhná agus cailíní a chumhachtú tríd an earnáil dhigiteach.

Ghlac an Pharlaimint rúin arís agus arís eile ar mhaithe le neartú a dhéanamh ar ghníomhaíocht de chuid an Aontais arb é is aidhm léi dálaí agus deiseanna na ndaoine sin atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a fheabhsú agus an bhochtaineacht a laghdú (e.g. an rún uaithi an 14 Márta 2018 maidir leis na gnéithe fostaíochta agus sóisialta sa Suirbhé Bliantúil Fáis).

Sa rún uaithi a glacadh an 19 Eanáir 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, mhol an Pharlaimint roinnt tionscnamh chun an ghné shóisialta a neartú, ina measc:

— treoir réime maidir le dálaí córa oibre i ngach cineál fostaíochta;

— comhordú Eorpach agus tagarmharcáil ardchaighdeáin maidir le pá íosta náisiúnta;

— scéimeanna náisiúnta ioncaim íosta (féach freisin an rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2010);

— Ráthaíocht i dtaobh Leanaí;

— cur i gcrích éigeantach an mheánoideachais;

— rialachas eacnamaíoch na hEorpa a athchothromú trí spriocanna sóisialta níos láidre.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an bhféidearthacht a bhaineann le Ráthaíocht i dtaobh Leanaí. Tá sé curtha in iúl ag an gCoimisiún nua, faoi stiúir Ursula von der Leyen, go bhfuil sé ar intinn aige Ráthaíocht i dtaobh Leanaí a mholadh, mar aon le roinnt beart eile amhail plean gníomhaíochta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ina iomláine, ionstraim dlí maidir le pá cothrom do gach oibrí, Scéim Eorpach um Athárachas Dífhostaíochta agus reachtaíocht nua maidir leis an bhfrith-idirdhealú, lena n-áirítear Straitéis nua um Chomhionannas Inscne.

Aoife Kennedy
11/2019